**RABHADH**

Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.

Scríobh do Scrúduimhir Anseo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL


# ROINN 1 – FILLTEÁN

**DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go 3.30**

**ROINN 1 (60 MARC)**

Caithfear tabhairt faoi **gach** ceist.
*Tá rogha agat* laistigh *de thrí cheist.*
*Déan deimhin den fhillteán seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.*
Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.

## 1. PLÁTAÍ SCREIMHE




Scrúdaigh an léarscáil a thaispeánann príomhphlátaí screimhe an domhain.

*(i)* Ainmnigh an pláta screimhe a bhfuil "1" air.________________________________

*(ii)* Ainmnigh an pláta screimhe a bhfuil "2" air.________________________________

*(iii)* Ainmnigh an ghné aigéin a tharlaíonn de bharr na plátaí a bheith ag scaradh feadh na líne A-B ____________________________________________


**2.** **CARRAIGEACHA**

**Bain úsáid as na leideanna seo agus comhlánaigh an crosfhocal trí-phíosa:**

**1.** Carraig dhríodair gharbh, rua nó donn, a fhaightear i sléibhte na Mumhan.

**2.** Bruthcharraig gharbh ildathach.

**3.** Carraigeacha a athraíodh faoi ardbhrú nó le teas.




**3.** **OLLGHLUAISEACHT**


An cineál ollghluaiseachta a léirítear sna léaráidí ná:
*Cuir tic (√) sa bhosca cuí.*

Ithirthéaltú ☐

Sreabh láibe ☐

Sciorradh talún ☐

Maidhm phortaigh ☐




## 4. AIBHNEACHA

Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil **gach** ceann de na litreacha **A** go **D** sa léaráid leis an uimhir chuí i gColún X. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| **1** | Lúbloch |
| **2** | Inbhear |
| **3** | Cumar |
| **4** | Craobhabhainn |

| **Litir** | **X** |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | 2 |



## 5. STAITISTICÍ AERÁIDE

Scrúdaigh na staitisticí teochta agus frasaíochta i mbaile mór i lár na hEorpa

| | E | F | M | A | B | M | I | L | MF | DF | S | N |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teocht (°C) | -4.5 | -0.5 | 2.5 | 6.0 | 8.5 | 12.5 | 16.0 | 17.5 | 12.5 | 6.5 | 2.0 | -1.0 |
| Frasaíocht (mm) | 11 | 15 | 42 | 36 | 62 | 75 | 99 | 97 | 31 | 32 | 24 | 19 |

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas:


*(i)* Is í an mhí is teo ná *mí Iúil / mí Lúnasa.*

*(ii)* Is é an raon teochta bliantúil ná *22 °C / 13 °C*

*(iii)* Úsáideadh *taismhéadar / méadar báistí* chun na leibhéil bháistí a thomhas don chairt seo.

## 6. LÉARSCÁIL TEOCHTA

Scrúdaigh léarscáil na teochta in Éirinn i mí Lúnasa.




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.


*(i)* An chuid is fionnuaire d'Éirinn ná an taobh *thoir thuaidh / thiar thuaidh*.

*(ii)* Tá teocht *díreach os cionn 17 °C / díreach faoi 17 °C* sa réigiún is teo.

*(iii)* An t-ainm atá ar na línte sa léarscáil a cheanglaíonn áiteanna den teocht chéanna ná *iseabair / isiteirmeacha*.

**7. ATHRÚ DAONRA**

Scrúdaigh an léaráid a thaispeánann timthriall an daonra.




*(i)* Cé acu ceann de na cúig chéim ina bhfuil an ráta báis is airde? _____________


*(ii)* Cé acu ceann de na cúig chéim ina bhfuil an méadú is tapúla ar an daonra iomlán?

___________

*(iii)* Cé acu ceann de na cúig chéim ina bhfuil lánlaghdú ar an daonra iomlán? ________

8. **STRUCHTÚR DAONRA**

Scrúdaigh an léaráid, a léiríonn struchtúr an daonra i gceantar beag uirbeach.




*(i)* Cé mhéad fireannach atá san aoisghrúpa 0 – 4? ______________________________________

*(ii)* Léiríonn an léaráid seo ceantar ina bhfuil an chuid is mó den daonra déanta suas *de theaghlaigh óga / de dhaoine aosta.* (*Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart.)*

*(iii)* Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál sin léaráide?______________________________________

**9. GRAIF A THARRAINGT**


Seasann na barraí don eolas a thugtar i dtábla na bhfigiúirí. Tarraing na barraí a sheasann don Bheilg, d'Éirinn agus don Pholainn.

**Tábla na bhFigiúirí**

An t-athrú daonra a bhfuil súil leis idir 2004 agus 2050 i roinnt tíortha.

| *Tír* | *Athrú céatadáin* |
|---|---|
| **An Bheilg** | **+5** |
| **An Fhrainc** | **+10** |
| **An Iodáil** | **-9** |
| **Éire** | **+36** |
| **An Ísiltír** | **+7** |
| **An Pholainn** | **-12** |
| **An Ríocht Aontaithe** | **+8** |

*(Foinse: The Irish Times, 9 Aibreán 2005)*



**10. LONNAÍOCHT**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** litir i gColún X leis an uimhir chuí i gColún Y.
Tá péire amháin déanta duit.


| Colún X | |
|---|---|
| **A** | Tamhlacht |
| **B** | Mailí |
| **C** | Poldair |
| **D** | Bustaithe |

| Colún Y | |
|---|---|
| **1** | Talamh tugtha chun míntíreachais ón bhfarraige |
| **2** | Baile seantán |
| **3** | Baile nua |
| **4** | Dlús íseal daonra |

| X | Y |
|---|---|
| **A** | **3** |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

**11. CRIOSANNA FEIDHME LAISTIGH DE CHATHRACHA**

Déan staidéar ar an tsracléarscáil a thaispeánann roinnt criosanna feidhme laistigh de chathair.




Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** ceann de na huimhreacha **1** go **4** sa tsracléarscáil leis an litir chuí i gColún X. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| **A** | Tionscail taobh leis na dugaí |
| **B** | Limistéar Cónaithe Seanbhunaithe |
| **C** | Eastát Tionsclaíoch Nua-Aimseartha |
| **D** | Limistéar Cónaithe Nuabhunaithe |

| X | Colún |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | **1** |

## 12. GNÉITHE DEN LONNAÍOCHT

Léigh na ráitis thíos. Níl na ráitis go léir fíor.

1. Is comharthaí seanlonnaíochta iad seo uile: dolmainí, liosanna agus caisleáin.
2. Bíonn gréasán ribíneach lonnaíochta ag sráidbhaile a chnuasaíonn timpeall ar acomhal bóithre.
3. Tá an daonra níos dlúithe in Iarthar na hÉireann ná in Oirthear na hÉireann.
4. De ghnáth, méadaíonn ar luach na talún i dtreo lár cathrach.
5. Ritheann abhainn na Réine tríd an nGearmáin ach sroicheann sí an fharraige san Ísiltír.

**Is iad na ráitis cearta ná:**
*Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.*

1, 4, 5 ☐

1, 3, 4 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 4, 5 ☐

**FREAGAIR 13A NÓ 13 B**

## 13A. TAIRBHE A BHAINT AS PORTAIGH MHÓNA NA hÉIREANN

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas:

(i) Déantar draenacha a thochailt sna portaigh le hinnill ar a nglaoitear *innill draenála / innill díge*.

(ii) Scríobtar codanna beaga móna ó na portaigh agus stróictear ina mionbhlúirí iad le hinnill ar a nglaoitear *innill ghrádaithe / innill mhuilleoireachta*.

(iii) San am fadó, d’úsáidtí uirlisí láimhe ar a nglaoitear *sleánta / brácaí* chun fóid mhóna a bhaint ar an bportach.

**NÓ**

## 13B. CATHRACHA PRÍOMHA

**Is é atá i gcathair phríomha ná**
*Cuir tic (✓)sa bhosca cuí.*

| | |
|---|---|
| Cathair ina dtagann parlaimint na tíre le chéile. | ☐ |
| An chathair is sine i dtír. | ☐ |
| Áit a dtaistealaíonn daoine ar obair uaidh agus ar ais gach lá. | ☐ |
| Cathair ina bhfuil an daonra ar a laghad dhá uair níos mó ná aon chathair eile sa tír. | ☐ |

**FREAGAIR 14A NÓ 14B**

**14A. ITHIR**

Roghnaigh **trí théarma** ón mbosca roghnachais chun na bearnaí sa sliocht thíos a líonadh..


| **Bosca Roghnachais** |
|---|
| Láisteadh; Miocrorgánaigh; Húmas; Cáithníní Mianraí; Podsail; Cruachisil |

*"Cabhraíonn dianscaoileadh bruscar plandaí ina _______________ chun an talamh a leasú. Féadann próisis mar an ________________________ damáiste a dhéanamh don ithirthorthúlacht toisc go sileann na cothaithigh síos faoi bhun de réimse fréamhacha na bplandaí. Is cineál ithreach iad _____________ a fhaightear de ghnáth i limistéir thaise in ardchríocha na hÉireann.*


**NÓ**

**14B. ITHIR**

Taispeántar comhshuíomh na hithreach sa bharra-chairt roinnte seo.





*Bain úsáid as an eolas ar an mbarra-chairt roinnte thuas agus cuir lipéid ar an bpíchairt.*



**FREAGAIR 15A NÓ 15B**

## 15A TIMTHRIALL AN UISCE

Déan staidéar ar an léaráid seo de thimthriall an uisce.




Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** ceann de na huimhreacha **1** go **4** sa léaráid leis an litir chuí phéire i gColún X. Tá péire amháin déanta duit.


| | Colún X |
|---|---|
| **A** | Frasaíocht |
| **B** | Comhdhlúthú |
| **C** | Rith chun srutha agus Sú |
| **D** | Galú |

| X | Uimhir |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | 2 |
| **C** | |
| **D** | |

**NÓ**

## 15B CINEÁLACHA BÁISTÍ

Déan staidéar ar an léaráid thíos.





Taispeánann an léaráid
*Cuir tic (✓)sa bhosca cuí.*

| | |
|---|---|
| Báisteach Rilífe | ☐ |
| Báisteach Chomhiompair | ☐ |
| Báisteach Chioclóin / Fhrontach | ☐ |

**16. AN TRÍÚ DOMHAN**

Scrúdaigh an t-eolas a thugtar faoin Tríú Domhan.




Léigh na ráitis thíos. Níl na ráitis go léir fíor.
*Cuir tic (√) a chur sa bhosca cuí* le cur in iúl cé na ráitis atá fíor.

1. Tá níos mó ná trí cheathrú de phobal an domhain sa Tríú Domhan.
2. Sa Tríú Domhan a dhéantar formhór an astúcháin dé-ocsaíd charbóin sa domhan.
3. Déantar níos lú ná an deichiú cuid de chaiteachas sláinte an domhain sa Tríú Domhan.
4. Sa Tríú Domhan a fhástar an chuid is mo de tháirgeacht arbhair an domhain.
5. Sa Tríú Domhan a dhéantar 36% de tháirgeacht thionsclaíoch an domhain.

Is iad na ráitis atá fíor ná

1, 2, 3 ☐


2, 3, 4 ☐

1, 3, 4 ☐

3, 4, 5 ☐

**17. OCRAS AGUS FLÚIRSE**

Taispeánann an léarscáil an mheán-iontógáil calraí sa lá i dtíortha éagsúla.




Scríobh an iontógáil calraí in aghaidh an duine sa lá i n**gach** ceann de na tíortha seo a leanas:




**In Éirinn** ________________________________





**Sa Bhrasaíl** ______________________________

**I Mailí** ________________________________________

## 18. AN tSUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS - FÁNAÍ

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** litir i gColún X leis an uimhir chuí i gColún Y.
Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| **A** |   |
| **B** |   |
| **C** |   |
| **D** |   |

| Colún Y | |
|---|---|
| **1** |   |
| **2** |   |
| **3** |   |
| **4** |   |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | 3 |
| C | |
| D | |

## 19. AN tSUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS – TAGAIRTÍ EANGAÍ

Déan staidéar ar an léarscáil SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS a thugtar.

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** litir i gColún X leis an litir chuí i gColún Y.
Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| **A** | V 957 856 |
| **B** | V 933 927 |
| **C** | V 959 908 |
| **D** | V 908 923 |

| Colún Y | |
|---|---|
| **1** | Ardeaglais |
| **2** | Oileán an Diabhail |
| **3** | Láithreán Carbhán |
| **4** | Amharcphointe |

| X | Y |
|---|---|
| **A** | 2 |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

## 20. AN tSUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS – ACHAR

Scrúdaigh an léarscáil SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS a thugtar leis an scrúdú seo.

Tá tuairim is an t-achar seo a leanas i Loch Léin agus i Loch Mhucrois le chéile:
*Cuir tic (✓)sa bhosca cuí.*

14 chiliméadar chearnacha ☐

19 gciliméadar chearnacha ☐

22 ciliméadar cearnach ☐

25 ciliméadar cearnach ☐

# Leathanach Bán